# Beartas Frithchalaoise Ghrúpa BEI

Beartas um iompar toirmiscthe a chosc agus a dhíspreagadh i ngníomhaíochtaí Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta

Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta

Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta

# Beartas Frithchalaoise Ghrúpa BEI

## Beartas um iompar toirmiscthe a chosc agus a dhíspreagadh i ngníomhaíochtaí Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta

5 Lúnasa 2021

Ní chuirfidh Ghrúpa BEI suas le hIompar Toirmiscthe (i.e. éilliú, calaois, claonpháirteachas, comhéigniú, bacadh, goid ag áitribh Ghrúpa BEI, mí-úsáid acmhainní nó sócmhainní Ghrúpa BEI, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta) ina chuid gníomhaíochtaí ná oibríochtaí.

Tá Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta inniúil chun líomhaintí maidir le hIompar Toirmiscthe a fháil, a mheas agus, más iomchuí, a imscrúdú[1]. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta:

- tríd an ríomhphost ag investigations@eib.org;
- ar an teileafón (+352 4379 87441);
- tríd an bhfoirm thuairiscithe ar láithreán gréasáin BEI[2];
- trí litir[3].

Mar mhalairt ar na roghanna sin, is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus/nó leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) go díreach[4].

---

1 Déanann Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta líomhaintí maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a imscrúdú i ndlúthchomhar leis an bhfeidhm iomchuí chomhlíonta de Ghrúpa BEI. Go sonrach, déantar torthaí measúnuithe agus imscrúduithe iomchuí a chomhroinnt le Ceann Comhlíonta BEI agus le Ceann Comhlíonta CEI i gcomhréir le Creat AML-CFT Ghrúpa BEI.

2 http://www.eib.org/about/accountability/anti-fraud/reporting/index.htm

3 Ceann Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, an Banc Eorpach Infheistíochta, 100 Bd. Konrad Adenauer, L-2950 Lucsamburg.

4 Tá OIPE freagrach as coireanna i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thabhairt chun breithiúnais os comhair chúirteanna náisiúnta inniúla na mBallstát rannpháirteach, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017. Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach: https://www.eppo.europa.eu/
Déanann OLAF imscrúduithe riaracháin chun críche leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint agus féadann sé moltaí araíonachta, riaracháin, airgeadais agus breithiúnacha a eisiúint chun go ndéanfadh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann gníomh, i gcomhréir leis an gCinneadh ón gCoimisiún an 28 Aibreán 1999 agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013. Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach: https://ec.europa.eu/anti-fraud/home_en

**Beartas Frithchalaoise Ghrúpa BEI**

© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2021.

Gach ceart ar cosaint.
Ba cheart gach ceist a bhaineann le cearta agus ceadúnú a chur chuig publications@eib.org.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíochtaí BEI, téigh chuig ár láithreán gréasáin, www.eib.org.
Mar mhalairt air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár ndeasc eolais, info@eib.org.

Arna fhoilsiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.
Arna chur i gcló ar pháipéar FSC®.

# Clár na nÁbhar

1 Brollach .......... 2
2 Bunphrionsabail .......... 3
3 Sainmhínithe .......... 4
4 Raon feidhme an bheartais .......... 5
5 Bearta chun Iompar Toirmiscthe a chosc agus a dhíspreagadh .......... 6
(A) Prionsabail ghinearálta .......... 6
(B) Bearta is infheidhme tríd an timthriall oibríochta .......... 7
(a) Measúnú oibríochta agus dícheall cuí maidir le hardchaighdeáin .......... 7
(b) Comhaontuithe maoinithe .......... 7
(c) Beartas is infheidhme maidir le soláthar tionscadail BEI .......... 7
(d) Faireachán ar chur chun feidhme oibríochtaí .......... 8
(C) Bearta maidir le gníomhaíochtaí cisteáin agus iasachtaíochta Ghrúpa BEI .......... 9
(D) Bearta is infheidhme maidir le soláthar corparáideach agus cúnamh teicniúil .......... 10
(E) Bearta is infheidhme maidir le bainistíocht rioscaí oibríochta .......... 10
(F) Bearta is infheidhme maidir le Comhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI .......... 10
(G) Leigheasanna atá ar fáil do Ghrúpa BEI .......... 11
(a) Leigheasanna conarthacha .......... 11
(b) Leigheasanna soláthair tionscadail .......... 11
(c) Leigheasanna conarthacha maidir le soláthar corparáideach agus cúnamh teicniúil .......... 12
(d) Próiseas eisiaimh Ghrúpa BEI .......... 12
(e) Leigheasanna is infheidhme maidir le Comhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI .......... 12
6 Bearta le hIompar Toirmiscthe a bhrath .......... 13
(A) Brath trí oibleagáidí tuairiscithe .......... 13
(a) Oibleagáidí tuairiscithe Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI .......... 13
(b) Oibleagáidí tuairiscithe na bPáirtithe a bhfuil Baint acu le hOibríochtaí .......... 13
(c) An chaoi chun ní a thuairisciú .......... 13
(d) An próiseas neamhspleách déanta gearán .......... 14
(e) Gearánaigh a chosaint .......... 14
(B) Brath réamhghníomhach .......... 14
7 Prionsabail maidir le seoladh na n-imscrúduithe .......... 15
(A) Údarás chun imscrúduithe a dhéanamh .......... 15
(B) Neamhspleáchas .......... 16
(C) Caighdeáin ghairmiúla .......... 16
(D) Rochtain Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, OIPE, agus OLAF ar fhaisnéis .......... 16
(E) Rúndacht .......... 17
(F) Cearta Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI .......... 17
8 Cosaint sonraí .......... 18
9 Tarchur agus cúnamh do ghníomhaireachtaí eile .......... 18
(A) Údaráis náisiúnta .......... 18
(B) Eagraíochtaí idirnáisiúnta .......... 18
10 Forálacha críochnaitheacha .......... 19

# 1 Brollach

1. Leagtar amach sa doiciméad seo beartas an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ("BEI" nó "an Banc") agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta ("CEI" nó "an Ciste"), dá ngairfear ina dhiaidh seo "Grúpa BEI", chun éilliú, calaois, claonpháirteachas, comhéigniú, bacadh, goid ag áitribh Ghrúpa BEI, mí-úsáid acmhainní nó sócmhainní Ghrúpa BEI, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta (dá ngairfear le chéile "Iompar Toirmiscthe") a chosc agus a dhíspreagadh i ngníomhaíochtaí Ghrúpa BEI. Tagann sé in ionad Bheartas Frithchalaoise BEI an 17 Meán Fómhair 2013 agus Bheartas Frithchalaoise CEI an 9 Márta 2015.

2. An bunús dlí le Beartas Frithchalaoise Ghrúpa BEI agus an t-údarás atá ag Grúpa BEI chun imscrúduithe a dhéanamh, eascraíonn siad as:
   (i) Airteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);
   (ii) Airteagal 18 de Reacht BEI agus Airteagail 2 agus 28 de Reachtanna CEI;
   (iii) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 an 18 Iúil 2018; agus
   (iv) Cinneadh ó Bhord Gobharnóirí BEI an 27 Iúil 2004 maidir le comhoibriú BEI le OLAF.

3. Is é BEI comhlacht maoinithe an Aontais Eorpaigh ("AE"), a cuireadh ar bun le Conradh na Róimhe. Bunaíodh CEI in 1994 mar chomhlacht den Aontas Eorpach (an Comhphobal Eorpach an tráth sin) trí chinneadh ó Bhord Gobharnóirí BEI tar éis leasú a dhéanamh ar Reacht BEI. Feidhmíonn BEI agus CEI i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh agus tá siad faoi cheangal ag Reacht BEI agus ag Reachtanna CEI faoi seach.

4. Gabhann Grúpa BEI air féin a áirithiú go n-úsáidfear a chuid airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe. Sa chomhthéacs sin, féachfaidh Grúpa BEI lena áirithiú go mbeidh a chuid gníomhaíochtaí agus oibríochtaí saor ó Iompar Toirmiscthe.

5. Dá réir sin, oibreoidh Grúpa BEI chun tarlú Iompair Thoirmiscthe a chosc agus a dhíspreagadh agus, i gcás go dtarlóidh a leithéid, rachaidh sé i ngleic leis go tráthúil tapa. Chuige sin, glacfar nósanna imeachta imscrúdaithe freisin.

6. Mar chomhlachtaí den Aontas Eorpach, tá sé de dhualgas ar BEI agus ar CEI leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint agus bearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise agus aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha eile lena ndéantar dochar do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh. Chun déanamh amhlaidh, braitheann Grúpa BEI ar a chreat mionsonraithe beartas, an beartas seo san áireamh. Cuireann BEI an dea-chleachtas baincéireachta chun feidhme chomh maith mar atá beartaithe i Reacht BEI[5]. I gcomhréir le Reachtanna CEI, beidh gníomhaíochtaí an Chiste bunaithe ar phrionsabail stuama bhaincéireachta nó ar phrionsabail agus cleachtais stuama tráchtála eile de réir mar is infheidhme[6].

7. Agus é ag iarraidh a chuid beartas agus nósanna imeachta a chur ar aon dul leis an gcleachtas idirnáisiúnta, tá Grúpa BEI ar an eolas faoi na prionsabail atá cumhdaithe in: (i) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe[7]; (ii) Coinbhinsiún na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir le hOifigigh Phoiblí Eachtracha a Bhreabadh in Idirbhearta Gnó

---

5 Airteagal 12.1 de Reacht BEI, https://www.eib.org/attachments/general/statute/eib_statute_2020_03_01_en.pdf

6 Airteagal 2.3 de Reachtanna CEI, https://www.eif.org/news_centre/publications/statutes.htm

7 http://www.unodc.org/documents/treaties/UNCAC/Publications/Convention/08-50026_E.pdf

Idirnáisiúnta a Chomhrac[8]; (iii) Coinbhinsiún Dlí Choiriúil Chomhairle na hEorpa maidir le hÉilliú [9]; (iv) Moltaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais[10]; agus (v) Creat-Chomhaontú Comhionann Thascfhórsa Frith-Éillithe na nInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais[11].

8. Is feidhm lárnach í Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, a ghníomhaíonn ar leas Ghrúpa BEI, chun críche an bheartais grúpa seo.

# 2 Bunphrionsabail

9. Coinneoidh comhaltaí foras rialaithe agus baill foirne Ghrúpa BEI, páirtithe a bhfuil baint acu le hoibríochtaí, contrapháirteanna agus comhpháirtithe (faoi mar a shainmhínítear in alt 13 thíos iad) an leibhéal is airde ionracais agus éifeachtúlachta i ngach gníomhaíocht de chuid Ghrúpa BEI. Ní chuirfidh Ghrúpa BEI suas le hIompar Toirmiscthe ina chuid gníomhaíochtaí.

10. (i) Ní mór aon amhras faoi Iompar Toirmiscthe a thuairisciú go pras do Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta lena mheas. Má mheastar é a bheith ábhartha, déanfar é a imscrúdú go críochnúil cothrom. Daoine a fhionnfar a raibh Iompar Toirmiscthe ar bun acu, beidh pionós le gearradh orthu i gcomhréir leis na beartais agus nósanna imeachta is infheidhme; agus beidh bearta iomchuí dlí le déanamh chun airgead a cuireadh chun mífheidhme a aisghabháil;

(ii) Déanann Grúpa BEI, trí Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, gach líomhain maidir le hIompar Toirmiscthe a bhaineann le Grúpa BEI a imscrúdú;

(iii) Oibreoidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta i ndlúthchomhpháirtíocht le OLAF[12]; agus

(iv) Tabharfaidh Grúpa BEI, trí Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, cúnamh agus tacaíocht d'imscrúduithe agus ionchúisimh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis[13].

---

8 http://www.oecd.org/daf/anti-bribery/oecdantibriberyconvention.htm

9 http://conventions.coe.int/Treaty/en/Treaties/Html/173.htm

10 http://www.fatf-gafi.org/topics/fatfrecommendations/

11 http://www.eib.org/about/documents/ifi-anti-corruption-task-force-uniform-framework.htm

12 Leagtar amach an creat mionsonraithe le haghaidh an chomhair idir Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta agus OLAF i socrú riaracháin idir OLAF, BEI agus CEI.

13 Leagtar amach an creat mionsonraithe le haghaidh an chomhair idir Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta agus OIPE i socrú oibre idir OIPE, BEI agus CEI.

# 3 Sainmhínithe

11. De bhun an bheartais seo, áirítear le hIompar Toirmiscthe éilliú, calaois, comhéigniú, claonpháirteachas, goid ag áitribh Ghrúpa BEI, bacadh, mí-úsáid acmhainní nó sócmhainní Ghrúpa BEI, sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, a shainmhínítear mar seo a leanas:[14]
    a. **Cleachtas éillitheach**, arb é aon ní a bhfuil luach leis a ofráil, a thabhairt, a fháil, nó a lorg, go díreach nó go hindíreach, chun tionchar a imirt go míchuí ar ghníomhartha páirtí eile.
    b. **Cleachtas calaoiseach**, arb é aon ghníomh nó neamhghníomh, lena n-áirítear mífhaisnéis, a chuireann páirtí amú go feasach nó go meargánta, nó a dhéanann iarracht déanamh amhlaidh, chun sochar airgid nó sochar eile a fháil nó chun oibleagáid a sheachaint[15].
    c. **Cleachtas comhéigneach**, arb é díobháil nó dochar a dhéanamh d'aon pháirtí nó do mhaoin an pháirtí, nó bagairt déanamh amhlaidh, chun tionchar a imirt go míchuí ar ghníomhartha páirtí.
    d. **Cleachtas claonpháirteach**, arb é socrú idir beirt pháirtí nó níos mó ná sin atá ceaptha chun críoch mhíchuí a bhaint amach, lena n-áirítear tionchar a imirt go míchuí ar ghníomhartha páirtí eile.
    e. **Goid ag áitribh Ghrúpa BEI**, arb í mí-leithghabháil aon mhaoine ar le páirtí eile í a dhéantar laistigh d'áitribh Ghrúpa BEI[16] [17].
    f. **Cleachtas bacúil**[18], a chiallaíonn (a) fianaise atá ábhartha i leith an imscrúdaithe a scriosadh, a fhalsú, a athrú nó a cheilt, nó ráitis bhréagacha a thabhairt do na himscrúdaitheoirí, le hintinn bac a chur ar an imscrúdú; (b) aon pháirtí a bhagairt, a chiapadh nó a imeaglú d'fhonn cosc a chur air a chuid eolais ar ábhair a bhaineann leis an imscrúdú a nochtadh nó d'fhonn cosc a chur air leanúint leis an imscrúdú; nó (c) gníomhartha atá ceaptha chun bac a chur ar chleachtadh chearta conarthacha Ghrúpa BEI chun iniúchadh nó scrúdú a dhéanamh nó chun rochtain ar fhaisnéis.
    g. **Mí-úsáid acmhainní nó sócmhainní Ghrúpa BEI**, a chiallaíonn aon ghníomhaíocht mhídhleathach a dhéanfar i leith úsáid acmhainní nó sócmhainní Ghrúpa BEI, cibé acu go feasach nó go meargánta.

    Sainmhínítear sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta i dTreoracha ó AE[19] maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, arna leasú agus arna forlíonadh ó am go ham, mar seo a leanas:

    h. Is éard is sciúradh airgid ann ná
        (i) maoin a chomhshó nó a aistriú, i gcás gurb eol gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó ghníomhaíocht choiriúil nó ó ghníomh rannpháirtíochta i ngníomhaíocht den sórt sin,

---

[14] Tógadh na sainmhínithe ar a. go d. ó "an Creat-Chomhaontú Comhionann um Chalaois agus Éilliú a Chosc agus a Chomhrac," ar chomhaontaigh ceannairí seacht mór-Institiúid Idirnáisiúnta Airgeadais, BEI ina measc, i Meán Fómhair 2006 é - féach fonóta 11.

[15] D'fhéadfaí a áireamh leis sin calaois chánach a chuireann isteach ar oibríochtaí Ghrúpa BEI agus/nó ar leasanna airgeadais BEI/an Aontais Eorpaigh.

[16] Chun críche an tsainmhínithe seo, áirítear le háitribh Ghrúpa BEI oifigí seachtracha. I gcás go mbeidh aon léiriú ann go ndearna duine atá faoi réir Chód Iompair Foirne Ghrúpa BEI an ghoid inmheánach, oibreoidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta i ndlúthchomhar leis an bhfeidhm iomchuí chomhlíonta de Ghrúpa BEI.

[17] Ní bheidh feidhm ag an sainmhíniú seo ar oibríochtaí Ghrúpa BEI ná ar na comhaontuithe a bhaineann leo sin.

[18] Clúdaíonn an sainmhíniú ar chleachtas bacúil na cearta a d'fhéadfadh a bheith ag aon chomhlacht inniúil den Aontas Eorpach, OLAF agus OIPE go sonrach, maidir le haon oibríochtaí nó gníomhaíochtaí a bhaineann le Grúpa BEI i gcomhréir le haon dlí, rialachán nó conradh nó de bhun aon chomhaontaithe arna dhéanamh ag BEI nó ag CEI chun dlí, rialachán nó conradh den sórt sin a chur chun feidhme.

[19] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta, arna leasú agus arna forlíonadh ó am go ham.

chun críche foinse aindleathach na maoine a cheilt nó a chur i mbréagriocht nó chun críche cabhrú le duine ar bith a bhfuil baint aige le déanamh na gníomhaíochta sin iarmhairtí dlíthiúla ghníomh an duine sin a sheachaint;

(ii) fíorchineál, foinse, suíomh, bail, gluaiseacht nó úinéireacht na maoine, nó cearta ina leith, a cheilt nó a chur i mbréagriocht, i gcás gurb eol gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó ghníomhaíocht choiriúil nó ó ghníomh rannpháirtíochta i ngníomhaíocht den sórt sin;

(iii) maoin a fháil, a shealbhú nó a úsáid, i gcás gurb eol, tráth a fála, gur gnóthaíodh an mhaoin sin ó ghníomhaíocht choiriúil nó ó ghníomh rannpháirtíochta i ngníomhaíocht den sórt sin; agus

(iv) rannpháirtíocht i ndéanamh aon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear sna pointí thuas, comhlachas agus iarrachtaí chun gníomh den sórt sin a dhéanamh, agus gníomh den sórt sin a chabhrú, a neartú, a éascú agus a chomhairliú.

i. Is éard is maoiniú sceimhlitheoireachta ann ná soláthar nó bailiú airgid, ar mhodh ar bith, go díreach nó go hindíreach, le hintinn gur cheart go n-úsáidfí é nó le heolas go bhfuil sé le húsáid, go hiomlán nó go páirteach, chun aon cheann de na cionta a dhéanamh de réir bhrí Airteagail 3 go 10 de Threoir (AE) 2017/541 an 15 Márta 2017 maidir le sceimhlitheoireacht a chomhrac, nó chun rannchuidiú lena dhéanamh. I gcás go mbainfidh an maoiniú sceimhlitheoireachta le haon cheann de na cionta a leagtar síos in Airteagail 3, 4 agus 9 de Threoir (AE) 2017/541, ní bheidh sé riachtanach go n-úsáidfear an t-airgead i ndáiríre, go hiomlán nó go páirteach, chun aon cheann de na cionta sin a dhéanamh, ná chun rannchuidiú lena dhéanamh, agus ní éileofar gurb eol don chiontóir an cion nó na cionta a n-úsáidfear an t-airgead ina leith.

12. Chun críche an bheartais seo, is iondúil go dtagraíonn "oibríochtaí" do thionscadail BEI agus d'idirbhearta CEI; ní áirítear leo gníomhaíochtaí cisteáin ná iasachtaíochta, a dtagraítear dóibh mar "idirbhearta".

# 4 Raon feidhme an bheartais

13. Beidh feidhm ag an mbeartas seo ar gach oibríocht agus gníomhaíocht de chuid Ghrúpa BEI, lena n-áirítear oibríochtaí arna gcur i bhfeidhm thar ceann Ghrúpa BEI agus/nó arna maoiniú aige le hacmhainní tríú páirtí, soláthar corparáideach agus cúnamh teicniúil. Beidh feidhm an bheartais seo ar oibríochtaí arna gcur i bhfeidhm thar ceann Ghrúpa BEI agus/nó arna maoiniú aige le hacmhainní tríú páirtí (gníomhaíochtaí arna maoiniú ag an Aontas Eorpach san áireamh) gan dochar do cheanglais bhreise a eascróidh as sainorduithe Ghrúpa BEI. Beidh feidhm ag an mbeartas seo ar na daoine aonair agus ar na heintitis seo a leanas:

a. Comhaltaí Bhoird Stiúrthóirí BEI agus CEI, Coiste Iniúchóireachta BEI[20], Bord Iniúchóireachta CEI[21], Coiste Bainistíochta BEI, Príomhfheidhmeannach agus Leas-Phríomhfheidhmeannach CEI, baill foirne Ghrúpa BEI, daoine atá tugtha ar iasacht ag a máthairúdarás do Ghrúpa BEI, daoine faoi oiliúint, mic léinn a bhfuil post samhraidh acu, daoine arna bhfostú ag Grúpa BEI chun oibriú in oifig sheachtrach agus atá fostaithe faoi reachtaíocht áitiúil agus sainchomhairleoirí gan aird a thabhairt ar a bpost, a gcéim ná fad a seirbhíse (dá ngairtear le chéile anseo "Comhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI");

[20] Ba cheart infheidhmeacht an bheartais seo maidir le comhaltaí Choiste Iniúchóireachta BEI a dheimhniú trí chinneadh ó Bhord Gobharnóirí BEI.

[21] Ba cheart infheidhmeacht an bheartais seo maidir le comhaltaí Bhord Iniúchóireachta CEI a dheimhniú trí chinneadh ó Chruinniú Ginearálta CEI.

b. Iasachtaithe, tionscnóirí, idirghabhálaithe airgeadais, nó príomh-chontrapháirteanna eile a bhaineann tairbhe as oibríocht mhaoinithe, urrúis nó infheistíochta ó Ghrúpa BEI, conraitheoirí, fochonraitheoirí, sainchomhairleoirí, soláthraithe, tairbhithe (de réir mar a bheidh), forthairgeoirí, agus go ginearálta daoine nó eintitis ábhartha a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí atá maoinithe ag Grúpa BEI (dá ngairtear anseo “Páirtithe a bhfuil Baint acu le hOibríochtaí”);

c. Forthairgeoirí, conraitheoirí, soláthraithe, soláthraithe seirbhíse agus daoine nó eintitis eile arna bhfáil ag Grúpa BEI as a chuntas féin agus a gcuid fochonraitheoirí, más ann; agus

d. Gach contrapháirt agus páirtí eile a ndéileálann Grúpa BEI tríothu ina chuid gníomhaíochtaí iasachtaíochta nó cisteáin (c. agus d. dá ngairtear le chéile anseo “Contrapháirteanna agus Comhpháirtithe Eile Ghrúpa BEI”).

# 5 Bearta chun Iompar Toirmiscthe a chosc agus a dhíspreagadh

## (A) Prionsabail ghinearálta

14. Foráiltear in Airteagal 325 de CFAE:

*“Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit calaois agus aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha eile a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac trí bhearta a ghlacfar i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a bheidh mar chosc agus a thabharfaidh cosaint éifeachtúil sna Ballstáit agus in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais.”*

Ina theannta sin, foráiltear i Reacht BEI[22] go n-áiritheoidh an Banc go n-úsáidfear a chuid airgid ar an gcaoi is réasúnaí is féidir ar mhaithe le leasanna an Aontais. Foráiltear i Reachtanna CEI[23] go rannchuideoidh an Ciste le gnóthú chuspóirí an Aontais Eorpaigh, agus, dá réir sin, go gcaithfidh téarmaí agus coinníollacha oibríochtaí an Chiste a bheith ag teacht le beartais ábhartha an Aontais Eorpaigh.

15. Dá réir sin, cuireann Grúpa BEI roinnt beart chun feidhme d’fhonn dul i ngleic le hIompar Toirmiscthe. Go sonrach, caithfidh téarmaí agus coinníollacha oibríochtaí Ghrúpa BEI cosaint agus díspreagadh éifeachtach a áirithiú i gcoinne Iompar Toirmiscthe.

---

22 https://www.eib.org/en/infocentre/publications/all/statute.htm
23 http://www.eif.org/news_centre/publications/statutes.htm

## (B) Bearta is infheidhme tríd an timthriall oibríochta

### (a) Measúnú oibríochta agus dícheall cuí maidir le hardchaighdeáin

16. Bunaítear le Creat Ghrúpa BEI um Chomhrac in aghaidh Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta ("Creat AML-CFT Ghrúpa BEI")[24] na bunphrionsabail lena rialaítear gnéithe a bhaineann le AML-CFT, 'Bíodh aithne agat ar do chustaiméirí' agus dícheall cuí maidir le hardchaighdeáin i ngníomhaíochtaí Ghrúpa BEI. Go sonrach, cuireann Grúpa BEI bearta díchill chuí maidir le contrapháirtí chun feidhme, le cur chuige riosca-bhunaithe, agus cineál an chontrapháirtí, an caidreamh gnó, an táirge nó an t-idirbheart agus an tír oibrithe á gcur san áireamh (nuair is iomchuí).

17. Cuireann Grúpa BEI treoirlínte agus bearta beartais chun feidhme i gcomhthéacs measúnú oibríochtaí ag féachaint le sainaithint a dhéanamh ar an riosca go bhféadfaí oibríochtaí maoinithe agus infheistíochta Ghrúpa BEI a mhí-úsáid le haghaidh Gníomhaíochtaí Spriocdhírithe[25], agus an riosca sin a mhaolú. Déantar cur síos ar na treoirlínte agus bearta beartais sin i mBeartas Ghrúpa BEI i leith dlínsí neamh-thrédhearcacha, neamh-chomhoibríocha atá rialáilte go lag agus dea-rialachas cánach ("Beartas NCJ Ghrúpa BEI")[26].

18. I rith an phróisis measúnaithe oibríochta, feidhmíonn seirbhísí oibríochta Ghrúpa BEI mar an chéad líne chosanta chun Iompar Toirmiscthe agus Gníomhaíochtaí Spriocdhírithe in oibríochtaí Ghrúpa BEI a chosc agus a bhrath ó tharla go bhfuil eolas acu ar na Páirtithe a bhFéadfadh Baint a Bheith acu le hOibríochtaí Ghrúpa BEI agus ar na himthosca a dtabharfar faoin oibríocht iontu.

### (b) Comhaontuithe maoinithe

19. Beidh forálacha iomchuí i gcomhaontuithe maoinithe Ghrúpa BEI d'fhonn Iompar Toirmiscthe a chosc agus a dhíspreagadh.

20. Go sonrach, i bhfianaise an chineáil táirge maoinithe agus an chreata dlí is infheidhme, beidh forálacha iomchuí conarthacha sna comhaontuithe sin maidir le:
    i. cearta chun iniúchadh agus rochtain ar fhaisnéis don Bhanc nó don Chiste (de réir mar is infheidhme), chomh maith le hinstitiúidí agus comhlachtaí inniúla eile den Aontas Eorpach;
    ii. an ceanglas chun leabhair agus taifid a choimeád;
    iii. comhlíonadh na ndlíthe is infheidhme;
    iv. an oibleagáid chun Iompar Toirmiscthe a bhaineann leis an oibríocht a thuairisciú; agus
    v. leigheasanna mar a mhionsonraítear tuilleadh iad faoi chuid (G)(a) agus (G)(b) thíos.

### (c) Beartas is infheidhme maidir le soláthar tionscadail BEI

21. Beidh forálacha i dTreoir BEI maidir le Soláthar arb aidhm leo trédhearcacht agus ardchaighdeáin a áirithiú sa soláthar tionscadail.

---

[24] https://www.eib.org/en/publications/eib-group-anti-money-laundering-policy-and-combating-finance-of-terrorism-framework

[25] Sainmhínítear "Gníomhaíochtaí Spriocdhírithe" i mBeartas Ghrúpa BEI i leith dlínsí neamh-thrédhearcacha, neamh-chomhoibríocha atá rialáilte go lag agus dea-rialachas cánach.

[26] Beartas NCJ Ghrúpa BEI (https://www.eib.org/en/infocentre/publications/all/eib-policy-towards-weakly-regulated-non-transparent-and-uncooperative-jurisdictions.htm).

### Oibríochtaí iasachtaithe an Aontais Eorpaigh

22. Na Ballstáit den Aontas Eorpach a dtugann BEI iasachtaí dóibh, tá reachtaíocht i bhfeidhm acu arb aidhm léi trédhearcacht agus ardchaighdeáin a áirithiú, sa phróiseas soláthair san áireamh, eadhon Treoracha 2014/25/AE, 2014/24/AE, 2014/23/AE agus 89/665/CEE agus 92/13/CEE, arna leasú agus arna bhforlíonadh ó am go ham.

23. Caithfidh an próiseas soláthar le haghaidh tionscadail de chuid an Aontais Eorpaigh atá maoinithe ag BEI na Treoracha thuasluaite a chomhlíonadh, de réir mar is infheidhme, mar aon le rialacha eile arna sonrú i dTreoir BEI maidir le Soláthar.

24. Tá sé de dhualgas ar an mBanc mar sin, a mhéad is gá chun comhlíonadh na reachtaíochta is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh a dheimhniú agus, de réir mar a bheidh, i gcomhréir le hAirteagal 325 de CFAE, gach imscrúdú agus gach beart is gá a dhéanamh chun Iompar Toirmiscthe a chosc agus a dhíspreagadh i ndáil le gníomhaíochtaí BEI agus, ar an gcaoi sin, a áirithiú go n-úsáidfear airgead an Bhainc ar mhaithe le leas an Aontais.

### Oibríochtaí iasachtaithe nach de chuid an Aontais Eorpaigh

25. Taobh amuigh den Aontas Eorpach áit nach bhfuil feidhm ag Treoracha soláthair phoiblí an Aontais Eorpaigh, éilíonn an Banc mar sin féin go gcloífear le príomh-mheicníochtaí na dTreoracha, agus na hoiriúnuithe nóis imeachta is gá déanta orthu.

26. Dá bhrí sin, tá roinnt bearta suntasacha curtha chun feidhme ag BEI d'fhonn a áirithiú gurb ionann na caighdeáin chosanta agus na bearta chun Iompar Toirmiscthe a chosc agus a dhíspreagadh agus na cinn atá ann laistigh den Aontas Eorpach. Déantar cur síos orthu sin thíos.

27. Tá ceanglas i dTreoir BEI maidir le Soláthar, mar riail ghinearálta le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin lasmuigh den Aontas Eorpach, go ndéanfaidh forthairgeoirí/conraitheoirí/soláthraithe/sainchomhairleoirí "Cúnant Ardchaighdeán" leis an tionscnóir, a n-áirítear leis dearbhú nach ngabhfaidh siadsan, ná a gcomhpháirtithe comhfhiontair, gníomhairí ná fochonraitheoirí, i gcás gurb ann dá leithéid, ag gníomhú dóibh thar a gceann lena n-údarás cuí nó lena bhfios nó lena dtoiliú, nó arna n-éascú acu, d'aon Iompar Toirmiscthe i dtaca leis an bpróiseas tairisceana ná déanamh an chonartha.

28. Bíonn san áireamh sa Chúnant Ardchaighdeán freisin gealltanais ó na conraitheoirí agus forthairgeoirí maidir le hIompar Toirmiscthe a nochtadh, íoc coimisiún, aiscí nó táillí i leith an phróisis tairisceana nó dhéanamh na gconarthaí a nochtadh, cearta iniúchta agus coimeád taifead.

## (d) Faireachán ar chur chun feidhme oibríochtaí

29. Is é is aidhm leis an bhfaireachán a dhéanann seirbhísí oibríochta Ghrúpa BEI ar oibríochtaí tar éis shíniú an chomhaontaithe/na gcomhaontuithe ábhartha ná a áirithiú go gcuirfear an bhunoibríocht atá maoinithe ag Grúpa BEI chun feidhme mar a bhí beartaithe agus go ndéanfar aon rioscaí a tharlóidh a aithint agus a bhainistiú go cuí.

30. Bunaítear le Creat AML-CFT Ghrúpa BEI ceanglais faireacháin leanúnaigh a bhaineann le AML-CFT, 'Bíodh aithne agat ar do chustaiméirí' agus gnéithe díchill chuí maidir le hardchaighdeáin i ngníomhaíochtaí Ghrúpa BEI.

31. I rith chur chun feidhme na hoibríochta, feidhmíonn seirbhísí oibríochta Ghrúpa BEI mar an chéad líne chosanta chun Iompar Toirmiscthe in oibríochtaí Ghrúpa BEI a chosc agus a bhrath ó tharla go bhfuil eolas acu ar na Páirtithe a bhfuil Baint acu le hOibríochtaí Ghrúpa BEI agus ar na himthosca ar tugadh faoin oibríocht iontu.

32. Déantar aon ní ábhartha is údar imní ó thaobh ardchaighdeán agus comhlíonadh de a thuairisciú de réir na mbeartas agus na nósanna imeachta is infheidhme de chuid Ghrúpa BEI, an beartas seo ina measc. Nuair is iomchuí, déantar na nithe ábhartha is údar imní a ardú le forais rialaithe Ghrúpa BEI chun cinneadh a fháil uathu maidir leis na bearta iomchuí le déanamh, chomh maith le moltaí sonracha maidir le leigheasanna féideartha agus fachtóirí maolaithe riosca, má bhíonn a leithéid ar fáil.

## (C) Bearta maidir le gníomhaíochtaí cisteáin agus iasachtaíochta Ghrúpa BEI

33. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag Grúpa BEI chun Iompar Toirmiscthe a chosc agus a dhíspreagadh ina ghníomhaíochtaí cisteáin agus iasachtaíochta agus chun an riosca a aithint agus a mhaolú go bhféadfaí idirbhearta Ghrúpa BEI a mhí-úsáid i gcomhair Gníomhaíochtaí Spriocdhírithe[27], chomh maith leis na gníomhaíochtaí cisteáin siúd a dhéantar thar ceann tríú páirtithe:
    a. Déantar próiseáil díchill chuí na gcontrapháirteanna i gcomhair gníomhaíochtaí cisteáin agus iasachtaíochta i gcomhréir le Creat AML-CFT Ghrúpa BEI agus Beartas NCJ Ghrúpa BEI;
    b. Déantar idirbhearta i gcomhréir leis na rialacha arna n-aithint mar na cleachtais bhaincéireachta is fearr i ndáil leis na gníomhaíochtaí ábhartha;
    c. Déantar idirbhearta le contrapháirtithe iontaofa, agus dianbhearta comhlíonta curtha i bhfeidhm. Déantar na contrapháirtithe sin a cheadú go cuí agus déantar faireachán orthu ar bhonn leanúnach;
    d. Déantar na hidirbhearta (nithe a bhaineann le praghsáil san áireamh) a dhoiciméadú, taifeadtar comhráite ábhartha teileafóin, déantar faireachán grinn ar mhéid na n-idirbheart le gach contrapháirtí, tá na rialuithe arna ndoiciméadú sa Chreat Rialaithe Inmheánaigh curtha i bhfeidhm agus déantar iniúchadh go rialta, idir inmheánach agus seachtrach, ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hidirbhearta;
    e. I gcás infheistíochtaí punainne, a bhíonn faoi réir tomhais feidhmíochta, taifeadtar na praghsanna go léir a fhaightear ó chontrapháirtithe a bhfaightear comhairle uathu i gcomhthéacs idirbhirt agus coinnítear chun críocha tagartha iad;
    f. I gcomhthéacs fiachas de chuid Ghrúpa BEI a athcheannach ón margadh, socraítear na praghsanna de réir an phraghais aistrithe inmheánaigh agus ní oibríonn Grúpa BEI ach ar bhonn an fhiosraithe aisiompaithe amháin agus ní théann sa tóir go gníomhach ar staideanna fiachais atá ann cheana lena n-athcheannach; agus
    g. Áirithíonn Grúpa BEI dianscaradh tascanna idir oifigí tosaigh agus oifigí cúil, nósanna imeachta maoirseachta líne tosaigh agus dearbhú neamhspleách maidir le coinníollacha praghsála.

[27] Sainmhínítear "Gníomhaíochtaí Spriocdhírithe" i mBeartas Ghrúpa BEI i leith dlínsí neamh-thrédhearcacha, neamh-chomhoibríocha atá rialáilte go lag agus dea-rialachas cánach.

## (D) Bearta is infheidhme maidir le soláthar corparáideach agus cúnamh teicniúil

34. Beidh forálacha i dTreoir BEI maidir le Soláthar Corparáideach agus Cúnaimh Theicniúil[28] agus i dTreoir CEI maidir le Soláthar[29] arb aidhm leo trédhearcacht agus ardchaighdeáin a áirithiú sa soláthar corparáideach.

35. Go sonrach, agus de bhreis ar a chinntí eisiaimh a chur i bhfeidhm[30], eisíonn Grúpa BEI ó rannpháirtíocht ina nósanna imeachta corparáideacha agus cúnaimh theicniúil aon fhorthairgeoir (nó comhalta dá fhoras riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta) atá in aon cheann de na cásanna eisiaimh a ndéantar cur síos orthu in Airteagal 57 de Threoir 2014/24/AE. Clúdaíonn na cásanna eisiaimh, i measc nithe eile, ciontú deiridh i gcalaois, éilliú, sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta, chomh maith le fionnachtana mí-iompair ghairmiúil thromchúisigh nó mífhaisnéise tromchúisí.

## (E) Bearta is infheidhme maidir le bainistíocht rioscaí oibríochta

36. Feidhmíonn Grúpa BEI cleachtais stuama maidir le bainistíocht rioscaí oibríochta faoi fhreagracht Phríomhoifigeach Riosca an Ghrúpa agus de réir phrionsabail na reachtaíochta ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh agus Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht[31]. Áirítear leo sin bearta arb aidhm leo rioscaí oibríochta a shainaithint, a mheas, a mhaolú agus faireachán a dhéanamh orthu. Rioscaí oibríochta a bhfuil amhras ag baint leo faoi Iompar Toirmiscthe agus/nó faoi aon ghníomhaíocht mhídhleathach eile lena ndéantar dochar do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, déantar iad a thuairisciú go pras de réir na mbeartas agus na nósanna imeachta is infheidhme de chuid Ghrúpa BEI, an beartas seo ina measc.

## (F) Bearta is infheidhme maidir le Comhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI

37. Ní mór do Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI na rialacha iompair agus na caighdeáin eitice a chomhlíonadh a leagtar amach sna Cóid Iompair[32] faoi seach is infheidhme maidir leo, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hIompar Toirmiscthe.

38. Éilítear ar Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI leis na Beartais Ardchaighdeán/Chomhlíonta agus na Cairteacha Comhlíonta[33] gach riail agus rialachán inmheánach is infheidhme a chomhlíonadh, lena n-áirítear comhlíonadh gach dlí agus rialacháin is infheidhme.

---

28 Treoir maidir le soláthar seirbhísí, soláthairtí, oibreacha agus lamháltas arna mbainistiú ag an EIB

29 Treoir maidir le soláthar seirbhísí, soláthairtí agus oibreacha ag CEI.

30 Déantar cinntí eisiaimh i gcomhréir le Beartas Eisiamh BEI: http://www.eib.org/infocentre/publications/all/exclusion-policy.htm.

31 Is éard is riosca oibríochta ann ná an riosca caillteanais a eascraíonn ó chórais, ó dhaoine nó ó phróisis inmheánacha ar theip orthu nó nach raibh leormhaith, nó ó theagmhais sheachtracha.

32 Tá feidhm ag forálacha Chód Iompair Foirne BEI dá réir sin ar chonraitheoirí agus sainchomhairleoirí, de réir théarmaí a gconartha.

33 http://www.eib.org/attachments/general/occo_charter_en.pdf and https://www.eif.org/news_centre/publications/compliance-charter.htm

39. Cuirtear oiliúint feasachta maidir le hIompar Toirmiscthe ar fáil do Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI i gcomhréir leis an riosca go dtiocfaidís i dteagmháil le hIompar Toirmiscthe.

# (G) Leigheasanna atá ar fáil do Ghrúpa BEI

40. Coimeádann Grúpa BEI an ceart aige féin beart iomchuí a dhéanamh i leith aon sáraithe ar an mbeartas seo, lena n-áirítear, gan teorainn, an ceart chun leigheasanna a chleachtadh atá ar fáil faoi aon chreat dlí agus conarthach is infheidhme. Áirítear leis sin, nuair is ábhartha agus nuair is féidir, an tacaíocht airgid arna cur ar fáil ag Grúpa BEI a tharraingt siar.

## (a) Leigheasanna conarthacha

41. Beidh leigheasanna iomchuí san áireamh i gcomhaontuithe maoinithe Ghrúpa BEI chun déileáil le sáruithe ar na gealltanais ábhartha faoi chomhaontuithe den sórt sin. Braithfidh a leithéid de leigheasanna ar an gcineál táirge maoinithe atá ann agus ar an gcreat dlí is infheidhme, agus féadfar a áireamh iontu an cumas chun íocaíochtaí amach a chur ar fionraí agus aisíoc luath na hiasachta (nó cuid di) a lorg.

42. Déanfaidh Grúpa BEI bearta dlí freisin chun cistí a cuireadh chun mífheidhme a aisghabháil, nuair is infheidhme.

## (b) Leigheasanna soláthair tionscadail

43. Má shuitear de réir na gcaighdeán riachtanach go raibh Iompar Toirmiscthe ar bun ag Páirtí a bhfuil Baint aige le hOibríocht i gcúrsa próiseas soláthair nó cur chun feidhme conartha (atá le maoiniú) atá maoinithe ag BEI, féadfaidh an Banc leigheas iomchuí i leith an Iompair Thoirmiscthe a lorg chun a shástachta.

44. I gcás oibríochtaí laistigh den Aontas Eorpach, de bhun na reachtaíochta soláthair is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh[34], eisiafaidh an tionscnóir aon fhorthairgeoir a ciontaíodh trí bhreithiúnas críochnaitheach i rannpháirtíocht in eagraíocht choiriúil, éilliú, calaois, sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a bhfuil an tionscnóir ar an eolas faoi go ceann tréimhse ama ag brath ar a thromchúisí a bhí an cion.

45. I gcás oibríochtaí lasmuigh den Aontas Eorpach[35], féadfaidh an Banc a neamh-agóid i gcoinne bhronnadh an chonartha a choinneáil siar agus/nó leigheasanna iomchuí conarthacha a chur i bhfeidhm, cur ar fionraí agus cur ar ceal ina measc, ach amháin má dhéileáil an tionscnóir leis an Iompar Toirmiscthe chun sástachta an Bhainc, a bhféadfaí a áireamh ann go ndearbhófaí an Páirtí a bhfuil Baint aige le hOibríocht a bheith neamh-incháilithe le haghaidh an chonartha.

[34] Airteagal 57(1) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 80(1) agus 90(b) de Threoir 2014/25/AE.
[35] I gcás conarthaí atá faoi réir réamh-athbhreithniú.

## (c) Leigheasanna conarthacha maidir le soláthar corparáideach agus cúnamh teicniúil

46. Beidh leigheasanna iomchuí san áireamh i gconarthaí soláthair chorparáidigh agus cúnaimh theicniúil Ghrúpa BEI, lena n-áirítear forálacha iomchuí cur ar fionraí, foirceanta agus ionadaithe chun dul i ngleic leis an Iompar Toirmiscthe.

## (d) Próiseas eisiaimh Ghrúpa BEI

47. Féadfar duine aonair nó eintiteas a fhionnfar a raibh Iompar Toirmiscthe ar bun aige a eisiamh as bheith rannpháirteach in oibríochtaí agus gníomhaíochtaí BEI agus CEI i gcomhréir leis na forálacha agus na próisis a leagtar amach i mBeartais Eisiaimh BEI agus CEI[36]. Déanann BEI agus CEI cinntí eisiaimh a chéile a chomh-fhorfheidhmiú, i gcomhréir leis na beartais eisiaimh atá acu faoi seach.

48. Féadfaidh BEI agus CEI socruithe idirbheartaithe a dhéanamh le daoine aonair nó eintitis a bhfuil Iompar Toirmiscthe curtha ina leith. Féadfar an cás ina n-aghaidh a thabhairt chun réitigh trí idirbheartaíocht den sórt sin (go hiomlán nó go páirteach) de réir na dtéarmaí agus coinníollacha arna leagan amach i gcomhaontú socraithe idir an Banc nó an Ciste, de réir mar a bheidh, agus an páirtí nó na páirtithe atá i gceist.

## (e) Leigheasanna is infheidhme maidir le Comhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI

49. Má mhainníonn an duine ábhartha de Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI na rialacha ábhartha a chomhlíonadh, beidh sé faoi réir beart féideartha araíonachta nó bearta comhionanna féideartha eile, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le comhaltaí na bhforas rialaithe agus na baill foirne, agus caingean dlí féideartha.

50. Is é Uachtarán an Bhainc nó Príomhfheidhmeannach an Chiste a chinnfidh na bearta araíonachta nó na bearta comhionanna eile atá iomchuí agus comhréireach, i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de Rialacháin Foirne BEI nó CEI de réir mar a bheidh, agus a thromchúisí a bhí an cion agus aon imthosca géaraitheacha agus/nó maolaitheacha á gcur sa mheá aige.

51. Má luaitear comhalta d'Fhorais Rialaithe Ghrúpa BEI leis an gcion, is é Uachtarán an Bhainc nó Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí an Chiste, nó, de réir mar is iomchuí, an Coiste Eitice agus Comhlíonta nó Cathaoirleach an Bhoird Gobharnóirí, nó, de réir mar is iomchuí, Coiste Iniúchóireachta an Bhainc nó Bord Iniúchóireachta an Chiste, de réir mar a bheidh, a chuirfidh an méid sin in iúl do chomhlacht inniúil Ghrúpa BEI. Féadfaidh an tArdchigire nithe ábhartha a tharchur go díreach chuig Coiste Eitice agus Comhlíonta BEI[37].

52. Aon chinneadh a bheidh le déanamh maidir le díolúine a tharscaoileadh i dtaca le himscrúdú inmheánach, déanfar i gcomhréir leis an bPrótacal maidir le Pribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh[38] é.

---

[36] http://www.eib.org/infocentre/publications/all/exclusion-policy.htm

[37] Féach na forálacha ábhartha i Reachtanna agus Rialacha Nós Imeachta BEI agus CEI faoi seach.

[38] http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CELEX:12006E/PRO/36:EN:HTML

# 6 Bearta le hIompar Toirmiscthe a bhrath

## (A) Brath trí oibleagáidí tuairiscithe

### (a) Oibleagáidí tuairiscithe Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI

53. Éilítear ar Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI aon líomhain maidir le hIompar Toirmiscthe a thuairisciú díreach tar éis dóibh eolas a chur ar an ábhar. Is creat cuimsitheach é Beartas Sceithireachta Ghrúpa BEI faoinar féidir le baill foirne agus daoine eile atá ag cur seirbhísí ar fáil do Ghrúpa BEI amhras faoi Iompar Toirmiscthe, inter alia, a thuairisciú.

54. I gcás nach mbeidh an tuairisc ó dhuine de Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI ag teacht faoi raon feidhme an bheartais seo, féadfaidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta an tuairisc a tharchur chuig aon chomhlacht inniúil i gcomhréir leis na forálacha rúndachta agus cosanta sonraí is infheidhme. Ina leithéid de chás, cuirfear an duine de Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI ar an eolas go cuí.

### (b) Oibleagáidí tuairiscithe na bPáirtithe a bhfuil Baint acu le hOibríochtaí

55. Éilítear ar pháirtithe ábhartha i gcomhaontú maoinithe aon fhíoras nó faisnéis a bhaineann le hIompar Toirmiscthe féideartha in oibríochtaí Ghrúpa BEI a chur in iúl do Ghrúpa BEI.

56. Faoin gCúnant Ardchaighdeán, ní mór d'fhorthairgeoirí, conraitheoirí, fochonraitheoirí, soláthraithe agus sainchomhairleoirí aon Iompar Toirmiscthe a thuairisciú a dtagann aon duine ina n-eagraíocht a bhfuil de fhreagracht air comhlíonadh an Chúnaint a áirithiú ar an eolas faoi.

### (c) An chaoi chun ní a thuairisciú

57. Gach líomhain arna déanamh ag Comhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI, Páirtithe a bhfuil Baint acu le hOibríochtaí, Contrapháirteanna agus Comhpháirtithe Eile, nó baill den phobal (lena n-áirítear sochaí shibhialta) maidir le hIompar Toirmiscthe amhrasta, ba cheart í a thuairisciú do Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, a admhóidh fáil na líomhaine. Féadtar tuairisc a dhéanamh:
    - trí litir[39];
    - tríd an ríomhphost chuig investigations@eib.org;
    - tríd an bhfoirm ar líne atá ar fáil ar láithreán gréasáin BEI[40]; nó
    - ar an teileafón (+352 4379 87441)[41].

    Mar mhalairt air sin, is féidir líomhaintí maidir le hIompar Toirmiscthe a thuairisciú go díreach d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus/nó d'Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

---

39 Is ceart an litir a chur chuig Ceann Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, an Banc Eorpach Infheistíochta, 100 Bd. Konrad Adenauer, L-2950 Lucsamburg.

40 http://www.eib.org/infocentre/anti-fraud-form.htm

41 Féadann comhpháirtithe gnó iarraidh ar a ngnáth-theagmhálaithe i nGrúpa BEI iad a chur i dteagmháil le Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta i gcásanna iomchuí freisin.

Tá sonraí teagmhála OIPE le fáil ag https://www.eppo.europa.eu/ agus sonraí teagmhála OLAF le fáil ag https://ec.europa.eu/anti-fraud/contacts_ga.

### (d) An próiseas neamhspleách déanta gearán

58. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuireann cás drochriaracháin i leith Ghrúpa BEI ó thaobh a chuid cinntí, gníomhartha agus/nó neamhghníomhartha de, féadann sé gearán a thaisceadh le Sásra Gearán Ghrúpa BEI[42]. Ní féidir leis an Sásra déileáil le líomhaintí maidir le hIompar Toirmiscthe, áfach. Más dealraitheach, le linn an fhiosraithe faoin Sásra Gearán, go mbaineann cuid de na líomhaintí le hIompar Toirmiscthe, tabharfar an chuid ábhartha den ghearán do Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta.

59. Féadfaidh aon duine nó grúpa agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh ón BEI maidir le cibé acu an gcomhlíonann próiseas soláthair tionscadail Treoir BEI maidir le Soláthar ach gearán a dhéanamh leis an gCoiste Soláthair Tionscadal[43] chuige sin. Ba cheart gearáin a bhaineann le hIompar Toirmiscthe i gcúrsa próiseas soláthair tionscadail a sheoladh go díreach chuig Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta.

### (e) Gearánaigh a chosaint

60. Déanfaidh Grúpa BEI plé le gach líomhain maidir le hIompar Toirmiscthe faoi rún daingean (faoi réir ailt 74-76 thíos), agus féadfar a leithéid de líomhain a dhéanamh gan ainm.

61. Tá forálacha breise i mBeartas Sceithireachta Ghrúpa BEI a bhaineann le líomhaintí maidir le hIompar Toirmiscthe arna ndéanamh ag baill foirne de chuid Ghrúpa BEI, comhaltaí de Choiste Bainistíochta BEI, Príomhfheidhmeannach/Leas-Phríomhfheidhmeannach CEI agus aon duine eile a chuireann seirbhísí ar fáil do Ghrúpa BEI, ar forálacha iad a bhaineann go sonrach leis an gcosaint a thugann Grúpa BEI.

## (B) Brath réamhghníomhach

62. Féadfaidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta Athbhreithniú Réamhghníomhach Ardchaighdeán (PIR) a dhéanamh ar aon oibríocht nó gníomhaíocht de chuid Ghrúpa BEI. Is iad cuspóirí an PIR ná:
    - (i) a chion féin a dhéanamh le hIompar Toirmiscthe a chosc agus a bhrath ag céim luath;
    - (ii) a dhéanamh amach cibé acu ar cuireadh conarthaí chun feidhme de réir a dtéarmaí nó nár cuireadh;
    - (iii) a áirithiú gur úsáideadh airgead Ghrúpa BEI chun na críche/na gcríoch a bhí beartaithe; agus

42 Is éard a chiallaíonn drochriarachán ná riarachán lag nó riarachán ar theip air. Tarlaíonn sé sin nuair a theipeann ar Ghrúpa BEI déanamh de réir na reachtaíochta is infheidhme agus/nó na mbeartas, na gcaighdeán agus na nósanna imeachta bunaithe, nuair a theipeann air cloí le prionsabail an dea-rialachais a nó nuair a sháraíonn sé cearta daonna. Is iad seo a leanas roinnt samplaí den drochriarachán arna leagan síos ag an Ombudsman Eorpach: mírialtachtaí riaracháin, éagothroime, leithcheal, mí-úsáid cumhachta, mainneachtain freagra a thabhairt, diúltú faisnéise, moill mhíchuí. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis an drochriarachán chomh maith tionchair chomhshaoil nó shóisialta ghníomhaíochtaí Ghrúpa BEI, beartais BEI a bhaineann leis an timthriall tionscadail agus beartais eile is infheidhme de chuid BEI. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ar láithreán gréasáin BEI: https://www.eib.org/en/about/accountability/complaints/index.htm.

43 https://www.eib.org/en/infocentre/publications/all/guide-to-procurement.htm

(iv) feabhsuithe ar bheartais, nósanna imeachta agus rialuithe a mholadh d'fhonn na deiseanna le haghaidh Iompar Toirmiscthe a mhaolú in oibríochtaí agus gníomhaíochtaí san am i láthair agus san am atá le teacht.

63. Is í Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta a roghnaíonn go neamhspleách na hoibríochtaí agus na gníomhaíochtaí a ndéanfar PIR orthu trí phróiseas mionsonraithe measúnaithe riosca. Na hoibríochtaí agus na gníomhaíochtaí a roghnaítear le haghaidh PIR, déantar mion-athbhreithniú orthu d'fhonn sainaithint a dhéanamh ar chomharthaí féideartha an Iompair Thoirmiscthe.

# 7 Prionsabail maidir le seoladh na n-imscrúduithe[44]

## (A) Údarás chun imscrúduithe a dhéanamh

64. Beidh an tArdchigireacht, trína Rannóg Imscrúduithe, ag obair di i ndlúthchomhar agus i dtrédhearcacht iomlán le OIPE agus OLAF, freagrach as:
   a. tuairiscí a fháil maidir le hIompar Toirmiscthe líomhnaithe nó amhrasta a bhfuil baint ag oibríochtaí agus gníomhaíochtaí Ghrúpa BEI nó ag Comhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne leis;
   b. measúnú agus imscrúdú a dhéanamh ar a leithéid d'ábhair agus comhoibriú go díreach le OLAF[45] agus OIPE[46] chun a n-imscrúduithe a éascú; agus
   c. a fionnachtana agus moltaí a thuairisciú d'Uachtarán BEI, Príomhfheidhmeannach CEI, OLAF, OIPE, Coiste Eitice agus Comhlíonta BEI, Coiste Iniúchóireachta BEI, Bord Iniúchóireachta CEI, chomh maith le haon bhall foirne de chuid Ghrúpa BEI ar bhonn riachtanas eolais[47].

65. Nuair a dhéanann OLAF imscrúduithe inmheánacha ar líomhaintí a bhaineann le Comhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI a bhféadfadh imeachtaí araíonachta agus/nó coiriúla a theacht astu, iarrann sé comhar ar Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, ach amháin má mheasann sé go ndéanfadh sé dochar don imscrúdú déanamh amhlaidh. I gcásanna ina mbeidh freagairt phráinneach ag teastáil, féadfaidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, i gcomhairle le OLAF, aon bheart is gá le haghaidh an imscrúdaithe a dhéanamh, go háirithe chun fianaise a chosaint.

---

[44] Leagtar amach sa chuid seo na nósanna imeachta le haghaidh imscrúduithe ar Iompar Toirmiscthe, a ndéanann Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta plé leo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina breithiúnas an 10 Iúil 2003 (Cás C-15/00, an Coimisiún Eorpach in aghaidh BEI) agus an Cinneadh ón mBord Gobharnóirí an 27 Iúil 2004 maidir le comhar BEI le OLAF, agus gan dochar dóibh.

[45] Leagtar amach an creat mionsonraithe le haghaidh comhar idir Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta agus OLAF i socrú riaracháin idir OLAF, BEI agus CEI dar dáta an 31 Márta 2016.

[46] Leagtar amach an creat mionsonraithe le haghaidh comhar idir Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta agus OIPE i socrú oibre idir OIPE, BEI agus CEI. Nuair a dhéanann OIPE imscrúdú coiriúil i gcomhréir le Rialachán OIPE, ní dhéanfaidh Rannóg Imscrúduithe Ghrúpa BEI aon bheart gníomhach imscrúdaithe maidir leis na fíorais chéanna, ach amháin nuair a iarrann OIPE uirthi déanamh amhlaidh.

[47] Féadfaidh an tArd-Chigire fionnachtana maidir le hIompar Toirmiscthe a raibh baint ag duine nó daoine de Chomhaltaí Foras Rialaithe BEI leis a tharchur go díreach chuig Coiste Eitice agus Comhlíonta BEI freisin.

## (B) Neamhspleáchas

66. Beidh neamhspleáchas iomlán ag Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta agus a cuid freagrachtaí á gcomhlíonadh aici. Gan dochar don oibleagáid atá ar Ghrúpa BEI cásanna amhrasta calaoise, éillithe nó aon ghníomhaíochta mídhleathaí eile lena ndéantar dochar do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a thuairisciú do OLAF agus OIPE gan mhoill agus gan dochar do na cumhachtaí a thugtar do OLAF agus OIPE[48], beidh údarás iomlán ag Ceann Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta aon imscrúdú a thagann faoina shainchúram a oscailt, a shaothrú, a dhúnadh agus tuairisc a thabhairt air gan fógra roimh ré a thabhairt d'aon duine nó eintiteas, gan toiliú a fháil ó aon duine nó eintiteas agus gan aon chur isteach ó aon duine nó eintiteas, de bhun na nósanna imeachta ábhartha imscrúdaithe.

## (C) Caighdeáin ghairmiúla

67. Beidh gach imscrúdú a dhéanfaidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta cothrom agus neamhchlaonta, ag féachaint go cuí do chearta na ndaoine nó na n-eintiteas go léir a mbeidh baint acu leis. Beidh feidhm ag toimhde na neamhchiontachta maidir le gach duine a líomhnaítear a bhí Iompar Toirmiscthe ar bun aige. Ba cheart dóibh siúd a mbeidh baint acu leis an imscrúdú (cibé acu a bheidh siad faoi imscrúdú nó i mbun an imscrúdaithe) a bheith feasach ar a gcearta agus a n-oibleagáidí agus a áirithiú go gcloífear go hiomlán leo.

68. Go sonrach, tabharfar faoi na himscrúduithe sin i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta ábhartha um Sheoladh Imscrúduithe ag Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta ag BEI nó CEI, de réir mar a bheidh ("na Nósanna Imeachta Imscrúdaithe").

## (D) Rochtain Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, OIPE, agus OLAF ar fhaisnéis

69. Éilítear ar Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI comhoibriú le Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, OIPE agus OLAF go pras iomlán éifeachtúil agus ar an modh a bheidh sonraithe ag Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta nó ag OIPE agus OLAF, de réir mar a bheidh, lena n-áirítear ceisteanna ábhartha a fhreagairt agus géilleadh d'iarratais ar fhaisnéis agus taifid[49].

70. I gcomhthéacs a sainorduithe faoi seach, beidh rochtain iomlán ag Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, OIPE agus OLAF ar gach pearsanra, faisnéis, doiciméad agus sonra is ábhartha, lena n-áirítear sonraí leictreonacha, laistigh de Ghrúpa BEI, de réir na nósanna imeachta is infheidhme, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, nósanna imeachta maidir le cosaint sonraí agus rannpháirtíocht an Oifigigh Cosanta Sonraí.

71. I gcomhthéacs a sainorduithe faoi seach, beidh sé de cheart ag Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, OIPE agus OLAF scrúdú nó cóipeáil a dhéanamh ar na leabhair agus na taifid is

---

48 Nuair a dhéanann Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta cás a tharchur chuig OIPE, bíonn sí faoi réir an tsocraithe oibre idir OIPE, BEI agus CEI. Féach fonóta 46.

49 Tá an t-alt seo gan dochar don cheanglas, nuair is infheidhme, atá i Rialacháin Foirne BEI agus CEI, chun cead a lorg roimh ré chun fianaise a thabhairt.

ábhartha, lena n-áirítear sonraí leictreonacha, ag Páirtithe ábhartha a bhfuil Baint acu le hOibríochtaí nó ag Contrapháirteanna agus Comhpháirtithe Eile, de réir mar is iomchuí.

72. Féadfaidh an Banc agus an Ciste, i gcomhpháirt nó go leithleach, Meabhrán Tuisceana a shíniú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí nó eagraíochtaí cosúla eile d'fhonn malartú faisnéise a éascú maidir le cásanna leasa choitinn a bhaineann le hIompar Toirmiscthe amhrasta, faoi réir na gcreataí dlí, cosanta sonraí agus rúndachta is infheidhme.

73. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh an Banc nó an Ciste a iarraidh a bheith ina *partie civile* (nó stádas cosúil a iarraidh faoin dlí is infheidhme) in imeachtaí breithiúnacha a bhaineann lena n-imscrúduithe nuair a mheastar gur chun leas an Bhainc nó an Chiste é déanamh amhlaidh, go háirithe chun go mbeidh an oiread faisnéise agus fianaise is féidir ar fáil don Bhanc nó don Chiste maidir leis an Iompar Toirmiscthe amhrasta.

## (E) Rúndacht

74. Laistigh de rialacha Ghrúpa BEI maidir le rochtain ar fhaisnéis, coinneofar gach faisnéis agus doiciméad a bhaileofar agus a ghinfear le linn imscrúdú, nach bhfuil san fhearann poiblí cheana féin, faoi rún daingean, faoi réir aon oibleagáide dlíthiúla nó ordú cúirte. Caithfear rúndacht na faisnéise arna bailiú a urramú ar mhaithe leo siúd lena mbaineann agus ar mhaithe le sláine an imscrúdaithe araon.

75. Go sonrach, caithfear aitheantas an té is ábhar don imscrúdú, na bhfinnéithe agus na mbrathadóirí a choinneáil faoi rún le linn an imscrúdaithe a mhéad nach mbeadh sé contrártha do leasanna an imscrúdaithe déanamh amhlaidh.

76. Ní nochtfaidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta faisnéis den sórt sin i scríbhinn ach amháin do na daoine nó na heintitis siúd a bhfuil údarás acu í a fháil nó seachas sin ar bhonn riachtanas eolais.

## (F) Cearta Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI

77. Beidh duine de Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI is ábhar d'imscrúdú i dteideal cearta próisis chuí, go háirithe go dtabharfaí fógra faoin méid sin dó chomh luath agus is féidir, ach amháin má chinntear go ndéanfaí dochar don imscrúdú dá ndéanfaí amhlaidh. Is iad forálacha an bheartais seo, na Nósanna Imeachta Imscrúdaithe agus na reachtaíochta cosanta sonraí is infheidhme a chuireann creat faoi chearta na gComhaltaí Foras Rialaithe agus na mBall Foirne le linn imscrúdaithe.

78. Ar aon chaoi, tabharfar fógra do dhuine de Chomhaltaí Foras Rialaithe agus Baill Foirne Ghrúpa BEI is ábhar d'imscrúdú faoi na líomhaintí agus an fhianaise ina leith, agus tabharfar deis freagartha dó sula ndéanfar aon bheart diúltach.

79. Ba cheart go dtosófaí ar imscrúdú maidir le hIompar Toirmiscthe amhrasta gan mhoill agus go dtabharfaí chun críche taobh istigh de thréimhse réasúnta ama é.

# 8 Cosaint sonraí

80. Déanfar próiseáil sonraí pearsanta laistigh de chreat an bheartais seo a bhainistiú ar bhealach atá ag teacht leis na prionsabail agus na rialacha a ndéantar foráil dóibh sna rialacháin is infheidhme maidir le Grúpa BEI[50] agus sna cinntí ábhartha arna n-eisiúint ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS).

81. Tá aon daoine lena mbaineann i dteideal sonraí a bhaineann leis nó léi a rochtain, a cheartú agus (i gcásanna áirithe) a bhacadh trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí iomchuí[51] nó le hOifigigh Cosanta Sonraí BEI/CEI. Féadfaidh siad freisin, ag am ar bith, teagmháil a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí[52] chun a sheiceáil gur urramaíodh na cearta arna dtabhairt leis na forálacha ábhartha. Beidh aon srian leis na cearta sin bunaithe ar na rialacha inmheánacha a ghlactar de réir na reachtaíochta cosanta sonraí is infheidhme[53].

# 9 Tarchur agus cúnamh do ghníomhaireachtaí eile

## (A) Údaráis náisiúnta

82. Féadfaidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta Iompar Toirmiscthe amhrasta a tharchur chuig údaráis náisiúnta laistigh agus/nó lasmuigh den Aontas Eorpach lena imscrúdú tuilleadh agus/nó lena ionchúiseamh go coiriúil agus féadfaidh sí cúnamh breise a chur ar fáil de réir mar a fhéadfar é a iarraidh. Bíodh sin mar atá, nuair is é OIPE nó OLAF a sheol imscrúdú, is é OIPE nó OLAF a tharchuireann an cás chuig na húdaráis inniúla, nuair is iomchuí.

83. Má thionscnaíonn údarás náisiúnta imscrúdú ar Iompar Toirmiscthe amhrasta agus más rud é go bhféadfadh sé a bheith bainteach le hoibríochtaí nó gníomhaíochtaí Ghrúpa BEI, déanfaidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta, i gcomhairle leis na seirbhísí, idirchaidreamh a dhéanamh leis na húdaráis náisiúnta agus cúnamh a chur ar fáil dóibh.

84. I gcás imscrúdú arna dhéanamh ag údaráis bhreithiúnacha, údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis dlí nó údaráis chánach, féadfaidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta a chinneadh go bhfanfadh sí le torthaí an imscrúdaithe sin agus cóip de na fionnachtana a iarraidh sula ndéanfaidh sí aon ghníomh eile.

## (B) Eagraíochtaí idirnáisiúnta

85. Agus rialacha agus nósanna imeachta Ghrúpa BEI lena rialaítear nochtadh faisnéise agus na rialacha cosanta sonraí is infheidhme á n-urramú aici, féadfaidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta cúnamh a chur ar fáil d'fheidhmeanna imscrúdaithe institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile agus a fionnachtana agus/nó faisnéis ábhartha eile a chomhroinnt leo.

---

50 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, arna leasú agus arna fhorlíonadh ó am go ham.

51 Féadtar teagmháil a dhéanamh leis BEI agus CEI, ag gníomhú dóibh mar an rialaitheoir sonraí i gcomhthéacs a n-imscrúduithe faoi seach, ag an seoladh ríomhphoist seo: investigations@eib.org.

52 www.edps.europa.eu.

53 Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, arna leasú agus arna fhorlíonadh ó am go ham.

86. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta cúnamh a chur ar fáil d'eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile maidir le hIompar Toirmiscthe amhrasta.

# 10 Forálacha críochnaitheacha

87. Déanfaidh Rannóg Imscrúduithe na hArdchigireachta tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí frithchalaoise a scríobh ina dtabharfar cuntas i dtéarmaí ginearálta ar a cuid gníomhaíochtaí sa bhliain roimhe agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó na himscrúduithe, agus cuirfidh sí an tuarascáil bhliantúil sin i láthair do Choiste Bainistíochta BEI agus do Phríomhfheidhmeannach CEI, chun go dtabharfaidh siadsan faoi deara a mbeidh inti. Cuirfidh Coiste Bainistíochta BEI agus Príomhfheidhmeannach CEI faoi bhráid Bhord Stiúrthóirí BEI agus Bhord Stiúrthóirí CEI faoi seach í chun go dtabharfaidh siadsan faoi deara a mbeidh inti agus go ndéanfaidh siad plé ar aon cheachtanna a bheidh ag teacht chun cinn. Foilsítear an tuarascáil bhliantúil ar láithreán gréasáin BEI, agus aon srianta rúndachta á gcur san áireamh.

88. Ba cheart athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar an mbeartas seo go rialta. Coinníonn Grúpa BEI bosca ríomhphoist ar a láithreán gréasáin (infodesk@eib.org) ar féidir tráchtanna a sheoladh chuige.

89. Féadfaidh Coiste Bainistíochta an Bhainc agus Príomhfheidhmeannach an Chiste leasuithe ar an mbeartas seo a fhaomhadh. Tabharfar fógra don Bhord Stiúrthóirí faoi aon athruithe den sórt sin.

90. Déanfar an beartas a nuashonrú bunaithe ar:
    a. Athruithe ar an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh;
    b. Comhaontú idir na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta;
    c. Athruithe ar bheartais agus nósanna imeachta laistigh de Ghrúpa BEI; agus
    d. Aon athrú eile a mheasfaidh forais rialaithe Ghrúpa BEI a bheith riachtanach agus iomchuí.

91. D'fhaomh Boird Stiúrthóirí BEI agus CEI an beartas seo an 22 Iúil 2021 agus an 21 Iúil 2021 faoi seach agus tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá a bhfoilseofar ar láithreáin ghréasáin BEI agus CEI é.

# Beartas Frithchalaoise Ghrúpa BEI

Beartas um iompar toirmiscthe a chosc agus a dhíspreagadh i ngníomhaíochtaí Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta

An Banc Eorpach Infheistíochta

Banc an AE

**An Banc Eorpach Infheistíochta**
98 -100, boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg
+352 4379-22000
**www.eib.org – info@eib.org**

© An Banc Eorpach Infheistíochta, 01/2022 GA